

Kansas

Dráma as an Mheán-iarthar

le

Gabhán Ó Fachtna

Do N.

"mo chailín beag féin"



na seachtanna bíobalta

Na carachtair

Todd

Sna tríochaidí, gruaig rua air atá bearrtha go gairid ag gruagaire an phríosúin. Caitheann sé T-léine chúng. Cognaíonn sé guma, agus léann sé a Bhíobla nuair nach mbíonn sé ag caint.

Fortensky, an cime sa chéad chillín eile ar shraith an bháis

Ag druidim le seasca, gruaig liath air. Fear caol tanaí atá ann. Caitheann sé spéaclaí bídeacha sreinge agus culaith aon-phíosa atá ar aon dath lena chuid gruaige. Ní bhearrann sé a fhéasóg gach lá. Tá cuma oilte air.

Máthair Todd

Sna caogaidí. Ní bhreathnaíonn sí ró-shláintiúil. Tá sí beagán ramhar agus ní shiúlann sí ach le deacracht. Tá a héadaí cineál sean-aimseartha. Caitheann sí cóta mór nach mbaineann sí di le linn an dráma. Níl an lucht féachana cinnte an mothaíonn sí an fuacht nó an bhfuil eagla uirthi roimh an phríosún.

Suzanne, bean Todd

Rud beag níos óige ná Todd, gruaig dhonn uirthi. Caitheann sí *jeans* agus geansaí. Tá fáinní cluaise óir agus slabhra aici, ach ní chaitheann sí dreachadh ar bith.

Julia, iníon Todd

Idir ocht agus deich mbliana d'aois, cailín rua. Caitheann sí éadaí breátha foirmiúla mar gheall ar a hathair, nach bhfeiceann sí ró-mhinic.

Gardaí agus Bairdéirí

Ministir

Fear ramhar féasógach, vástchóta ildathach á chaitheamh aige chomh maith le coiléar madra. Tá cros ollmhór adhmaid aige thar a mhúineál.

Fir Rua

Bailiúchán faisisteach agus feirmeoirí, d'achan aois, cúpla *Hell's Angels* ina measc a chaitheann clogaid Ghearmánacha ón Dara Cogadh Domhanda. Tá na fir neamh-bhearrtha don chuid is mó. Dealraíonn sé nach bhfuil poist ag an dream seo.

Daoine i bhfabhar bhású Smebak

Daoine in aghaidh bhású Smebak

Finné 1

Fear óg. Gruaig ghairid agus cuma shláintiúil air.

Finné 2

Ar comhaois le Todd. Caitheann sé éadaí compordacha, léine fhear leagtha crann. Fear teaghlaigh atá ann.

Finné 3

Fear sna caogaidí nó seascaidí, beagán ramhar, culaith á caitheamh aige. Caitheann sé spéaclaí neamhfhaiseanta as na seachtóidí nó ochtóidí, agus tá comhad ina láimh aige.

Finné 4

Bean idir caoga agus seasca, go réasúnta ramhar. Caitheann sí gúna samhraidh spéirghorm agus hata. Tá spéaclaí bioracha as na caogaidí aici.

Réamhscéal — os comhair an Phríosúin

Tá sé dorcha beagnach ar fad, ach tá grúpa daoine le feiceáil i soilse na teilifíse. Tá dhá dhream cruinnithe os comhair an phríosúin, daoine atá i bhfabhar bhású Smebak (Dream 1), agus daoine atá ina aghaidh (Dream 2). Tá gardaí eatarthu, agus déanann siad a ndícheall an dá ghrúpa a scaradh óna chéile. Tá fógraí ag na léiritheoirí ar nós *Thou Shalt not Kill*, *Smebak is Innocent* nó *Fry in Hell*, *Smebak* agus *Burn, Baby Burn*. Ligeann siad screadanna astu, agus canann siad focail faire. Déanann gach dream acu iarracht a bheith níos callánaí ná an dream eile. I ndiaidh bomaite nó mar sin, tosaíonn an dream atá i bhfabhar an bhásaithe a chomhaireamh.

Dream 1: A deich, a naoi, a hocht ... a trí, a dó, a haon. Tá sé marbh!
Alleluia! Buíochas le Dia!

Dream 2: *(titeann siad ar a nglúine agus tosaíonn siad a rá a bpaidreacha go tostach)*

(na focail "peacaí scarlóideacha" á gcaitheamh ar an bhrat)

Láthair 1 — an Príosún

Tá dhá chillín in aice le chéile, Fortensky ar an taobh chlé agus Todd ar an taobh dheis. Is féidir na fir a fheiceáil fríd na barraí. Ní féidir leo a chéile a fheiceáil, áfach.

Fortensky: *(ag déanamh iarrachta toitín a dhéanamh dó féin. Tá píosaí tobac ag teacht amach as gach ceann an pháipéir. Lorgaíonn sé peann lena mbrú isteach aríst, ach ní fhaigheann sé ceann. Tiontaíonn sé thart, agus feiceann sé a chlog mór-éadanach gan ghloine. Lorgaíonn sé peann aríst ar feadh bomaite, ach ní éiríonn leis rud ar bith fóirsteanach a aimsiú. Tarraingíonn sé an tsnáthaid ón chlog, agus baineann sé úsáid aisti leis an toitín a chóiriú. Baineann sé an-sult as nuair atá sé deargtha aige)*
Is ait an rud é, a Todd. Níor shíl mé go gcuirfidís chun báis é chomh luath sin. Níor ghlac an t-achomharc sin mórán ama.

Todd: Bhuel, bhí sé iontach soiléir go raibh sé ciontach.

Fortensky: Tá a fhios agam faoi sin, go nádúrtha. Leis an fhírinne a rá, níor mhothaigh mé ró-shábháilte riamh leis an fhear úd sa chéad chillín eile in aice liom. Ach ag an am céanna, ba chréatúr bocht é. Nár 'úirt siad gur thit sé ar a cheann nuair nach raibh sé ach óg?

Todd: Is mór an trua nár thit sé ní ba throime.

Fortensky: Ach a Todd, seans nach raibh sé ar a chumas é féin a iompar mar ba chúí. Seans nach bhfuair sé an aire a bhí riachtanach.

Todd: *(nach dtuigeann brí argóint an fhir eile)* Ba bheithíoch é.

Fortensky: Bhuel, ní féidir le hainmhí a nádúr a cheilt. Má mharaíonn cat éan, níl an cat ciontach as a ndearna sé.

Todd: Más feirmeoir thú agus do thalamh faoi phlá chat, ba cheart duit iad a scriosadh.

Fortensky: Ach a Todd, níor chat é ach duine.

Todd: Sin é, ansin. Aontaíonn tú liom. Ba dhuine é. Bhí sé ciontach.

Fortensky: An bhfuil a fhios agat? — bhí madra agam nuair a bhí mé óg. Bhí sé go hiontach. An madra ba chliste dá bhfaca tú riamh. Ach d'éirigh sé sean, agus chac sé ar an bhrat urláir. Bád é.

Todd: Mar is ceart. Sin an saol agat.

Fortensky: M'athair a rinne é. Tuairim agus cúig bliana déag ina dhiaidh sin, bhí seisean mar a gcéanna. Seanfhear neamhchumasach a bhí ann. Thagadh mo mháthair isteach le buicéad gach maidin, agus ghlanadh sí an leaba. Bhí éadaí leapa rubair aige. Ba mar gheall air sin gur chinn mé é a bhá.

Todd: *(iontas air)* Cad é?

Fortensky: *(ag gáire)* Ag magadh a bhí mé, a Todd. Mhair sé thart ar cúig bliana eile, agus ghlan mo mháthair bhocht an leaba sin gach maidin agus cúpla uair eile in aghaidh an lae. Bhí sí tinn maidin amháin agus bhí ormsa an obair a dhéanamh. Is ar éigean nár chuir mé mo bhriceasta amach ar a shean-cheann liath.

Todd: Bhuel, más mar sin atá an tseanaois, b'fhearr liomsa dóigh an mhadra a bheith agam ná dóigh d'athar.

Fortensky: Ach ní fhaigheann daoine an rogha, a mhic. Sin an rud. Ach amháin má mharaíonn siad duine eile. Agus is cuma ansin cén áit a gcaicann tú. Cuirtear chun báis thú. Níl aon dul as agat.

Todd: Is cuma liomsa faoi Smebak. Ar chuala tú cad é a rinne sé nuair a ghabh sé na gialla san ollmhargadh an t-am úd? Mharaigh sé daoine ar dhóigh uafásach. D'éignigh sé beirt bhan. Chiceáil sé peann gránbhiorach isteach i gcluais fir.

Fortensky: Tá a fhios agam. Ach nár rith sé leat nach gcaithfimis an oiread seo airgid a chaitheamh ar chóras na bpríosún dá mbeadh na polaiteoirí sásta cuidiú le daoine mar Smebak sula dtéann siad chun olcais?

Todd: Ní bheadh orthu an oiread sin a chaitheamh dá ligfidís saor mé agus daoine cosúil liomsa, agus dá maróidís daoine cosúil le Smebak *(a ghuth íorónta)* "sula dtéann siad chun olcais".

Fortensky: Tá tú an-chrua, a Todd, an-chrua ar fad. Ach b'fhéidir nár cheart domh a bheith ag iarraidh rudaí mar seo a phlé le Nua-Naitsí. Cad é fút féin? Nach ndearna tusa rud a bhí inchurtha le mór-éachtaí Smebak?

Todd: Bhí mo choir-se polaitiúil.

Fortensky: An rud polaitiúil é má ionsaíonn tú carr armúrtha? An rud polaitiúil é má ghoideann tú airgead?

- Todd:** Is ea. Má tá sé mar aidhm agat do phleananna polaitiúla a chur i bhfeidhm leis an airgead a ghoideann tú, tá sé polaitiúil.
- Fortensky:** Ní féidir leat “polaitiúil” a thabhairt ar Ghiúdaigh a dhúnmharú toisc gur Giúdaigh iad.
- Todd:** Tá tuairimí éagsúla ag gach duine. Sin nádúr na polaitíochta. Ní raibh mé ag iarraidh ach an t-airgead a ghoideadh ag an am. Ach cá hionadh sin má fhaightear Giúdach i ngar airgid?
- Fortensky:** A Todd, bhí mé ag smaoineamh faoin chiníochas. Feictear domh anois go bhfuil a fhios agam cén fáth a bhfuil sé chomh seafóideach sin.
- Todd:** A Fortensky, níl spéis ar bith agam i do chuid teoiricí.
- Fortensky:** Bhuel, níl an dara rogha agat. Tá do chillín in aice liom. Caithfidh tú éisteacht leis an mhéid atá le rá agam.
- Todd:** Mothaím cosúil leatsa le Smebak anois.
- Fortensky:** Rith sé liom go bhfuil clár sraithe dá chuid féin ag achan chiníochaí. Tá a dhream féin ar bharr an liosta, go nádúrtha, ach ina dhiaidh sin, braitheann sé ar a thuairim. Ní fhaigheann tú an t-ord céanna ag beirt chiníochaithe. Is rud aeistéitiúil é.
- Todd:** Tá an fear geal ar bharr an liosta. Sin réasúnta simplí.
- Fortensky:** Caithfidh tú é sin a rá. Is Meiriceánach thú, meascán d’achan rud. Níl rud ar bith fágtha agat seachas dath do chraicinn. Seans gur sin an fáth ar fuath leat na ciníocha dorcha. Cuireann dath a gcaicinn i gcuimhne dóibh — agus duitse chomh maith — go bhfuil cultúr eile acu seachas *Wal-Mart* agus *Wendy’s*. Tá éad ort.
- Todd:** (*go mall*) Mar a dúirt mé. Tá an fear geal ar bharr an liosta. Ní rud nua é sin. Bhí an dearcadh sin ag gach polaiteoir

Meiriceánach, uair amháin. Bhí Abraham Lincoln féin den bharúil nach raibh todhchaí ar bith ann don fhear gorm sa tír seo. Ach ansin tháinig na Kennedys damanta úd, agus thosaigh achan rud a dhul síos an leithreas.

Fortensky: Agus cén sórt fir ghil an fear geal is fearr?

Todd: Ní thuigim thú.

Fortensky: Nach cuimhin leat na rudaí aisteacha a dúirt na Naitsithe? Bhí gruaig bhán agus súile gorma ag an fhíor-Airíoch.

Todd: Tá an ceart agat. Sin iad tréithe áirithe a bhaineann leis an chine gheal. Níl siad ag na ciníocha dorcha. Ní hé sin an t-aon rud ach oiread. Oibríonn an cine geal níos cruá ná na ciníocha dorcha. Tá a theicneolaíocht níos fearr. Tá mór-chathracha tógtha aige. Tá impireachtaí curtha ar bun aige. Tá sé intuigthe gur thogh ceannaire na tréithe sin chun a phobal a spreagadh. *(smaoiníonn sé)*

Fortensky: Theip air sa deireadh.

Todd: *(ag leanúint ar aghaidh)* Ag an am céanna, ní bhíonn mórán fear rua ann sa Ghearmáin. Seans gur sin an fáth nár éirigh leis.

Fortensky: *(ag gáire)* Bhí a fhios agam go ndéarfá é sin. Bhí *a fhios* agam *(buaileann sé a bhois le chéile cosúil le páiste)*.

Todd: Cén t-am é?

Fortensky: Tá sé a haon déag a chlog.

Todd: Tá ocras orm.

Fortensky: Bíonn ocras ort i gcónaí. Ní thuigim cad é mar is féidir leat an stuif sin a ithe. Nár thug tú faoi deara nach bhfaighimid ach bróimín agus suaimhneasáin inár mbia anseo?

Todd: Níl sé chomh difriúil sin sa domhan mór, a mhic.

Fortensky: Cad é?

Todd: An bhfuil a fhios agat? — nuair a bhí mé óg agus m'athair ina fheirmeoir, bhí achan sonra an talaimh 's aigesean ar eolas aige. Bhuel, chan mar sin atá sé sa lá atá inniu ann. Tuigeann an múinteoir ceimice ar scoil níos mó den talmhaíocht ná an feirmeoir bocht, nach bhfuil ach ina ghníomhaire do na comhlachtaí móra anois. Agus cén fáth arb éigean dó an nimh sin a chur ar a chuid páirceanna? Cén fáth a bhfuil buachaillí beaga ag fáil cíoch ón oiread hormón ina mbia? Bhuel, inseoidh mé duit cén fáth — le bia saor a sholáthar do na *greaseballs* agus na *niggers* nach bhfuil airgead ar bith acu, toisc go maireann siad ar *welfare* — do dhaoine a bhfuil naonúr gasraí acu.

Fortensky: A Todd, a Todd. Tá tú lán d'fhuath. Tá tú cailte leis.

Todd: *(ag tiontú ar a thaobh ar an leaba)* Is cuma. Rinne mé mo dhícheall ar son mo mhuintire féin. Is daoine maithe iad, agus bhí saol ní b'fhéarr tuillte acu. Ní shílím gur féidir le duine níos mó ná é sin a dhéanamh.

Fortensky: *(ag gáire)* Tá tú ag caint cosúil le réalta scannáin sa radharc deireanach nuair atá a fhios aige go bhfaighidh sé bás.

Todd: *(tostann sé)*

Fortensky: *(imní air)* An bhfuair tú dáta fós?

Todd: A Fortensky, tá an t-am ag teacht asam mar fhuil.

Fortensky: Is féidir leat iarracht a dhéanamh achomharc a fháil. Ba cheart duit na leabhair dlí a léamh cosúil liomsa. Nach bhfuil mé anseo le seacht mbliana déag chomh slán folláin agus dá mbeinn sa bhaile? Thig leat an rud céanna a dhéanamh. *(ag déanamh*

iarrachta a bheith greannmhar) Fuck's sake, a Todd, ní bhfaighidh mé páirtí fichille eile.

Todd: Caithfidh mé dea-dhealramh a chur ar dhroch-ghnó.

Fortensky: Cad é a chiallaíonn sé sin?

Todd: Tá daoine ag brath orm. Tá orm mo dhualgais a chomhlíonadh.

Fortensky: An bhfuil siad ag brath ort seafóid a dhéanamh díot féin? An bhfuil d'iníon bheag ag brath ort í a fhágáil gan athair?

Todd: Seo an dearcadh atá agamsa. Tá an rogha agat sa saol seo. Is féidir leat glacadh lena rialacha. Is féidir leat streachailt mar mhadra lá de do laethanta agus do theaghlach a fheiceáil sa salachar sa deireadh d'ainneoin do dhíchill. Nó is féidir leat na rialacha a athrú. Chinn mise air sin. Chinn mise ar an saol a athrú.

Fortensky: Is féidir leat slán agus beannacht a scaoileadh leis an saol má leanann tú ar aghaidh mar seo.

Todd: Cén fáth ar cheart domh rudaí a dhéanamh éasca dóibh? Cén fáth ar cheart domh iarracht a dhéanamh mé féin a shábháil? Ní thabharfaidh mise leithscéal dóibh mé a choinneáil ón chathaoir. Beidh an locht orthusan, mar is ceart.

Fortensky: Ach a Todd, ní chuirfidh an pobal locht ar bith orthu. Beidh áthas an domhain ar an ghnáthdhuine gur chuir siad do mhacasamhail chun báis. Caithfidh tú glacadh leis an fhírinne nach bhfuil an cine geal chomh ciníoch agus ba mhaith leat. Tá leamhas ag an chuid is mó acu ar do leithéidí.

Rud eile, a mhic — beidh áthas ar na húdaráis chomh maith nuair a chuirfear chun báis thú. Coisricfidh tú córas an bháis sa stát seo. Beidh siad in ann an vóta gorm a fháil d'ainneoin go maraíonn siad a gcúig oiread ar shraith an bháis anseo. Sin an pholaitíocht nua. Sin *coimeádachas an chroí*.

Todd: *(ag scairteadh)* Tá do dhóthain ráite agat anois!

Fortensky: Tá trua agam duit. I ndáiríre, a Todd, tá trua agam duit.

Fianaise

Finné 1: *(imríonn sé le liathróid cispheile ar an ardán ar feadh cúpla soicind ar dtús)* Bhí na ráflaí cluinte againn go nádúrtha, ach níor chreid muid i gceart go ndruidfidís an mhonarcha. Bhí sí ann le tríocha bliain. Ba chuid den bhaile í. Ba chuid de stair an bhaile í. B'fhostóirí maithe iad fosta. Bhí airgead tugtha acu do chlub na n-iar-oibrithe. Thug siad airgead don otharlann nuair a bhí na húdaráis ag iarraidh í a bhogadh suas an stát. Ba iadsan na haithreacha, agus ba muidne na gasraí. Bhí siad cruá in amanna, go háirithe nuair a bhagair muid dul ar stailc an bhliain úd, rud nach ndearna muid sa deireadh, ach roinn siad go cothrom linn ag an am céanna.

(cuireann sé cúpla báire, agus stadann sé nuair a éiríonn leis)

An iomaíocht as tíortha eachtrannacha, is uirthi sin a chuirim an locht. Tá daoine ansiúd sásta obair ar son beagáin. Bíonn áthas orthu obair ar bith a bheith acu. Is cuma má bhíonn orthu deich n-uaire a chaitheamh sa mhonarcha in aghaidh an lae. Is cuma má chiapann na bainisteoirí na mná. Bhí muidne éirithe ró-ramhar, ró-fhalsa. Bhí muid ró-dhaor fosta, agus d'athlonnigh siad an táirgeadh go Vítneam. Bhí an mhonarcha le druidim. B'shin an méid a dúirt siad linn ar a laghad.

(cuireann sé cúpla báire arís, an uair seo go feargach)

Tuairim agus bliain go leith ina dhiaidh sin, díoladh an foirgneamh le comhlacht eile, na meaisíní san áireamh. Thosaigh siad a tháirgeadh arís, an uair seo le hoibrithe as Meicsiceo. D'éirigh thar barr leo, agus tá siad ag smaoineamh ar níos mó forbartha a dhéanamh i gceann cúpla mí.

(baineann sé preab as an liathróid cispheile) Cad é a tharla domhsa? Bhuel, tá mise den tuairim go gcaithfidh tú do dhícheall a dhéanamh sa saol. *Só*, chuaigh mé ar ais ar scoil. D'fhreastail mé ar rang oíche ar feadh leathbhliana, agus rinne mé na scrúduithe nach bhfuair mé an chéad uair. Níor éirigh liom post a fháil sa cheantar, agus chinn mé ar bhogadh go dtí

an chathair mhór. Tá post níos fearr faighte agam anois, agus tá súil agam go mbeidh mé sa bhainistíocht roimh i bhfad. Bhuaill mé suas le cailín a thaitníonn liom tá cúpla mí ó shin, agus tá muid ag smaoineamh ar phósadh. Tá sé cineál aisteach a rá, ach tá áthas orm gur chaill mé an jab. Tá trua agam do na mná bochta úd i Vítneam, chomh maith. An bhfuil a fhios agat? — bogann an tsochaí ar aghaidh, agus is éigean duit bogadh léi, nó fágfar ar chúl thú. Sin an dearcadh atá agamsa, ar aon nós.

(gibríonn sé beagáinín ach stadann sé nuair a thosaíonn sé a mhachnamh. Labhraíonn sé go mall, mar a bheadh iontas air.)
Chan mar sin a bhíonn sé d'achan duine, go nádúrtha.

Láthair 2 — Lá na Cuairte

Tá trí thábla le feiceáil i halla príosúin. Tá scáthláin acu leis na cimi a dheighilt óna gcuairteoirí. Tá Todd agus a mháthair ag an tábla lárnach. Ní féidir leo breith ar lámh a chéile, cé go síneann máthair Todd a lámh amach ina threo ó am go ham. Caitheann Todd slabhraí. Tá bairdéir ag faire sa choirnéal.

Todd: A Mháthair, tá áthas orm go bhfuil tú anseo. Ar tháinig tú sa bhus?

Máthair: Sa *Greyhound*, is ea.

Todd: Is turas fada é ó Ghlascó go dtí an áit seo. Caithfidh go raibh sé millteanach.

Máthair: Ní chreidfeá é. Shíl mé go lúbfadh na cosa fúm. Tá a fhios agat nach mbím ag mothú ró-mhaith na laethanta seo. Agus ní raibh mé in ann dul chuig an leithreas. Bhí an ceann sa bhus salach, ní nach ionadh — ní raibh a sháith spáis ag duine chun a ghnóthai a dhéanamh i gceart. Níor mhaith liom é a úsáid. Níor ól mé oiread agus braon caife maidin inniu ar eagla na heagla.

Todd: Cén t-am ar éirigh tú?

Máthair: Ar a cúig.

- Todd:** Ar a cúig!
- Máthair:** Ó, a Todd, sin an nós a bhíonn ag seandaoine. Is éigean dúinn a bheith cinnte go bhfuil achan rud eagraithe againn i gceart agus nach mbeidh muid ró-mhall.
- Todd:** Tá an saol míchothrom, a Mháthair.
- Máthair:** In amanna. Cad é mar atá tú féin?
- Todd:** Go hiontach.
- Máthair:** Tá tú ag breathnú sláintiúil, ar aon nós — d’ainneoin an tsaoil uafásaigh atá agat anseo. Is breá an buachaill thú (*goileann sí go bog*).
- Todd:** Ná bí ag gol, a mháthair. Caithfidh muid a bheith láidir.
- Máthair:** Tá a fhios agam. Tá a fhios agam ... Seolann Suzanne a grá.
- Todd:** Ba cheart di a bheith anseo. Bheadh sé go deas dá mbeinn in ann mo pháistí a fheiceáil uair nó dhó sa bhliain — ach amháin leis an liostacht a bhriseadh, an dtuigeann tú?
- Máthair:** Níor cheart duit í a chiontú. Tá sí ag streachailt leis an saol. Tá post eile aici anois.
- Todd:** Dhá phost ... agus beirt pháistí chomh maith. Is ionadh nach bhfuil na seirbhísí sóisialta tagtha leis na gasraí a ghabháil. Nó an bhfuil fear eile faighte aici anois? Beidh péire d’achan rud aici ansin.
- Máthair:** Dia dár sábháil! Nach féidir leat magadh mar sin a sheachaint? Is maith an rud é nach bhfuil sí anseo lena chluinstin. In ainm Dé, nach bhfuil a saol cruá go leor cheana féin?

- Todd:** Tá brón orm, ach goilleann sé orm nach bhfeicim mo pháistí. Goilleann sé orm go bhfuil mé daortha chun báis gan a bhfeiceáil.
- Máthair:** Tá a fhios agam, a ghrá. Ach nár 'úirt tú liom bomaite ó shin gur cheart dúinn a bheith láidir? Bhuel, in amanna is éigean dúinn glacadh lena bhfuil i ndán dúinn, ach go háirithe mura bhfuil aon chumhacht againn rud ar bith a athrú. Éiríonn rudaí níos fearr sa deireadh.
- Todd:** An síleann tú?
- Máthair:** Tá mé cinnte de. An cuimhin leat nuair a bhí tú óg? D'imríodh na páistí eile cos ar bholg ort mar gheall ar do chuid gruaige. D'fhulaing tú go huafásach. Ach ansin, agus tusa ní ba shine, thosaigh tú a léamh. Léigh tú gan stad. Cheannaigh tú *Marvel* gach seachtain chomh maith, agus mura raibh cóip agat, fuair tú ar iasacht é ó bhuachaill inteacht eile. Agus lá amháin fuair tú an leabhar *Sherlock Holmes* úd, an ceann leis an ghearrscéal faoi na fir rua. Cad é an scéal aríst?
- Todd:** *(ligeann sé osna as mar is éigean dó an scéal a insint dá mháthair go rialta)* Freagraíonn fear rua fógra nuachtáin de chuid Chonradh na bhFear Rua, eagraíocht a bhfuil sé mar aidhm aici forbairt gach fir rua a chur chun cinn. Glacann an fear le post ina bhfuil sé de dhualgas air an *Encyclopædia Britannica* a scríobh amach. Tá sé ró-mhaith le bheith fíor — cionn is nach bhfuil sé fíor. Is bithiúnaigh iad na fir rua. Tá uisce faoi thalamh ar siúl acu chun an t-oibrí 's acu a mhealladh óna theach, atá in aice le banc. Bhí a fhios acu go gcluinfadh an fear callán a n-oibre agus iad ag déanamh tolláin go dtí taisceadán an bhainc faoina chosa.
- Máthair:** Nach aisteach an scéal sin. Ach bhí tú bródúil as a bheith i d'fhear rua ina dhiaidh sin. Is cuimhin liom nuair a d'inis tú do d'athair é. Bhí fearg air leat.

- Todd:** Is ea, dúirt sé gur cheart domh éirí as an tseafóid úd, nach raibh ciall ar bith i léamh, nár chuir léamh bia ar an tábla riamh. Ní raibh dúil ar bith aige i leabhair — ach amháin sa Bhíobla, go nádúrtha. (*stad, ansin tosaíonn sé a gháire*) Agus ansin dúirt sé gur homaighnéasach Sasanach Sherlock Holmes a bhí tugtha do dhrugaí agus go maródh sé mé dá dtiontóinn amach mar sin.
- Máthair:** Fear dian ab ea é, d'athair, ach fear maith.
- Todd:** Tá an ceart agat ansin.
- Máthair:** Is beannacht é, ar dhóigh, nach bhfuil sé anseo inniu agus a aon-mhac i bpríosún.
- Todd:** Mharaigh na *corporations* agus a bpolaitíocht thinn é.
- Máthair:** (*ag amharc ar a mac go géar*) A Todd, tá mé bréan den chaint sin. Mharaigh *aílse* é.
- Todd:** Ach tá baint ag na rudaí a tharlaíonn i saol duine lena shláinte chomh maith. Tá saineolaithe ag déanamh taighde faoi. Tá sé faighte amach acu go bhfuil dlúthcheangal idir sláinte fhisiceach an duine agus a shláinte spioradálta.
- Máthair:** (*go tréan*) Nár 'úirt mé leat go bhfuil mé bréan den chaint sin? Ní féidir baint a bheith ann idir na rudaí sin. Ba *Chríostaí* é d'athair. Bhí sé *sábháilte*. Bhí áthas ina chroí. An ndearna tú dearmad de sin?
- Todd:** Tá an saol in ann cur isteach ar Chríostaithe dílse chomh maith. Sin an taithí a bhí agamsa. Is ionadh é nach bhfuil *aílse* faighte agam féin i gcillín an bháis anseo gan oiread agus cuairt ó bhean is páistí.
- Máthair:** A Todd, tá tú do mo chéasadh. Éirigh as an chaint nimhneach seo.

- Todd:** Tá brón orm, a Mháthair. Tá a fhios agat nach ndéanfainn rud ar bith a ghoillfeadh ort.
- Máthair:** *(claonann sí a ceann)* Tá a fhios agam gur buachaill maith thú.
- Todd:** Ní shílím gur chuidigh sé leis go raibh sé ag ithe an bhia shaoir sin ag an deireadh.
- Máthair:** Ní raibh sé ag obair. Ní raibh an t-airgead againn le rudaí ní b'fhéarr a cheannach. B'fhéidir go mbeadh an locht ormsa. Dá mbeinn in ann obair a fháil mar rúnaí nó rud éigin mar sin, cosúil leis na cailíní óga inniu, bheadh ní ba mhó airgid againn. Bheadh rudaí eile againn seachas na cannaí phónairí cillí sin. Ach ní dhearna mé a dhath lá de mo laethanta ach an teach a choinneáil daoibh. Agus rinne mé mo dhícheall. Sean-bhean thraochta atá ionam.
- Todd:** Níor cheart dár leithéidí bia Meicsiceach a ithe sa chéad áit. Níl sé fóirsteanach dúinne. Tá ár gcoirp difriúil.
- Máthair:** Fág é, a Todd.
- Todd:** Bhuel, níor cheart duit imní a bheith ort. B'thusa an mháthair ab fhéarr arbh fhéidir le duine a bheith ag súil léi. Is mór an trua é nach bhfuil gach bean ar aon nós leat. Is mór an trua nach bhfuair mise bean mar thusa.
- Máthair:** A Todd, bhí mé ag smaoineamh. Tá tú níos féarr gan Suzanne. Is cailín maith í. Is maith liom í, agus tá sí ina ceann maith do na gasraí — is cuma cad é a deir tú fúithi — ach ag an am céanna níl sibh ceart dá chéile.
- Todd:** Cad é a chiallaíonn sé sin?
- Máthair:** Bhíodh sibh ag troid gan stad. Nach cuimhin leat nuair a bhí sí ag iompar Julia? — an t-am úd nuair a bhí tú traochta i ndiaidh lae fhada ag obair. Bhí an cianrialtán briste, agus d'iarr tú uirthi dul chuig an teilifíseán chun an bealach a athrú. Ní raibh sí sásta

é a dhéanamh. Agus ansin, ní ba dheireanaí, nuair a bhí sí ag imeacht le bualadh lena cairde, d'oscail tú an doras di, agus mhallaigh sí thú, cé nach ndearna tú ach an rud a bhí ceart de réir na tógála a fuair tú uainn. Nach cuimhin leat cad é a deireadh d'athair — “Tá sé de dhualgas ar an fhear aire a thabhairt dá bhean, agus tá sé de dhualgas ar an bhean an teach a reáchtáil don fhear.” Dála an scéil, is cailín maith í Suzanne ach tá sí ró-nua-aimseartha duit. In amanna, sílim nár cheart domh thú a oiliúint mar sin.

Todd: Níl locht ar bith ortsa, a Mháthair. Bhí fréamhacha na tógála sin sa Bhíobla.

Máthair: Tá an ceart agat, a mhic (*stad*). Bhí mé ag caint leis an *pastor*. Dúirt sé liom go gcaithfeá do chuid peacaí a admháil, go gcaithfeá aithreachas a bheith ort faoi na rudaí a bhfuil tú i do chiontaí leo.

Todd: A Mháthair, ní dhearna mé ach an rud a bhí ceart de réir mo thuairimí. Seans go ndearna me cúpla rud a bhí in aghaidh thoil Dé — ach bhí mé ag smaoineamh Air nuair a rinne mé iad. Bhí mé ag smaoineamh ar A mhianta agus an dóigh ab fhearr lena gcomhlíonadh.

Máthair: Ach a Todd, tá A thoil soiléir. Sin an rud a dúirt an *pastor*. Dúirt sé gur cuma más *Christ-killers* iad. Is peaca é iad a mharú.

Todd: Is peaca é iad a ligint ar na sráideanna.

Fianaise

Finné 2: Bhí aithne agam air nuair a bhí muid óg. Ba *kid* ciúin é, beagáinín indírithe, déarfainn. Bhí sé cineál aisteach go fisiceach. Bhreathnaigh sé ní b'óige ná na páistí eile. Nuair a bhí muid ar an bhunscoil, bhí géaga raimhre aige fós, cosúil le leanbh. Ní raibh sé ró-mhaith ag léann. Ní shílim go raibh mórán measa aige air, ach cá bhfios cén t-am ar thosaigh na mothúcháin sin. Níorbh fhear acadúil é ar aon nós. Dúirt sé go

bhfaigheadh sé printíseacht. Caithfidh mé a rá go raibh trua agam dó, mar d'fhulaing sé go mór faoi lámha na múinteoirí. Bhí siad in ann a bheith fíor-chruálach nuair a bhuaileadh an fonn iad. Bhí spraoi ag na gasraí leis chomh maith, mar gheall ar an ghruaig a bhí aige.

Níor aithin mé é nuair a taispeánadh a ghrianghraf ar an bhealach cábla. Is cuimhin liom a ndúirt mo bhean chéile ag an am. Dúirt sí gur chréatúr bocht é agus nach mbeadh aon chuidiú leis anois. Dúirt sí go gcaithfeadh go ndeachaigh rud inteacht ó rath blianta ó shin.

(Na focail “na seachtanna bíobalta” á gcaitheamh ar an bhrat)

Láthair 3 — Cruinniú na bhFear Rua

Halla i nGlascó. Todd ar chúl léachtáin, na fir rua cruinnithe roimhe. Tá bratach Mheiriceánach crochta i lár an halla, bratach na seachtanna bíobalta sna coirnéil ar gach taobh di. Tá an t-ainm *The Löique öv Reäd-Heädud Meän öv Känzus* le feiceáil ar mheirge ar chúl an ardáin. Is féidir spotsolas a dhíriú ar bhratach amháin nó bratach eile de réir a ndeir na haisteoirí.

- Fear 1:** *(ag díriú ar an mheirge)* In ainm Dé, cad é sin?
- Fear 2:** Nach bhfuil a fhios agat? Sin teanga na bhfear rua.
- Fear 1:** “Teanga” a thugann tú air sin?
- Fear 2:** Teanga, gan amhras ar bith. Sin ár gcultúr.
- Fear 1:** *(cuma chaidéiseach air)*
- Fear 2:** Cogar, tá sé ar tí tosú anois. Caithfidh muid a bheith inár dtost.
- Todd:** Tá áthas orm go bhfuil sibh chomh líonmhar sin anocht. Tá áthas orm, mar tá a fhios agam anois go bhfuil todhchaí bhreá i ndán dár náisiún mór. Tá a fhios agam go dtáinig sibh anseo toisc go bhfuil grá agaibh dár dtír.

Fear 1: *God Bless America!*

Fir Uilig: *God Bless America!*

Todd: A fheara, is muidne ridirí ár gcine. Tá orainn é a chosaint. Tá an fhírinne sin ar eolas agam ó bhí mé i mo pháiste. Bhíodh seans ann i gcónaí go dtiocfadh an lá nuair a rachadh an domhan trí thine, nuair a chaithfimis seasamh do na rudaí a bhfuil grá againn dóibh. Rinne m'athair é, agus a athair roimhe. B'fhéidir nach mbeadh sé tugtha faoi deara ag gach duine againn fós, ach tá an lá sin ag druidim linn aríst. Tá muid faoi ionsaí ag cumhachtaí dorcha — ag ciníocha dorcha.

Fear 2: Poist Mheiriceánacha d'oibrithe Meiriceánacha!

Todd: Nuair a bhunaigh ár sinsir an náisiún seo, thug siad sibhialtacht dó. Ní raibh ach daoine fiáine ann roimhe sin, daoine gan uaisleacht a bhí sásta na hainmhithe a sheilg seachas iad a chur faoi smacht, daoine, leis an fhírinne a dhéanamh, nach raibh mórán ní b'fhearr ná na hainmhithe féin.

Ach tháinig daoine thar an fharraige, daoine oilte cumasacha agus daoine éirimiúla a raibh fonn oibre orthu. Na daoine *ab fhearra* bhí iontu. Bhí siad i bhfad ní b'fhearr ná na daoine a bhí ann rompu agus i bhfad ní b'fhearr ná na daoine a d'fhan sa bhaile. Thóg siad an tír seo as allas a malaí. Tá a rian le feiceáil i gcruith ár stáit féin, ár gCeansas dílis — tá a theorainneacha beagnach chomh díreach cearnach le figiúr geoiméadrach, agus is fóirsteanach an rud é sin, mar is diamant é. Seans go mbíonn sean-náisiúin traochta na hEorpa ag magadh fúinn mar gheall air sin, ach is séadchomhartha iad do chruinneas fhir a dtarraingthe. B'iadsan na fir rua.

Sa lá atá inniu ann, áfach, deirtear linn gur cheart dúinn áit a dhéanamh do dhaoine nach ndearna a dhath le Meiriceá a thógáil. Deirtear gur ábhar ciontacht dúinn ár rath agus gur cheart dúinn náire a bheith orainn as. Tá galar ann i gcroílár ár sochaí. Baineadh an obair d'fhir nach raibh aithne acu ar rud ar bith eile ach obair chrua mhacánta, fir a bhí toilteanach a

ndícheall a dhéanamh ar son a bhfostóirí. Ach bhí na *niggers* agus na *greaseballs* ní ba shaoire, agus bhí na fir bhródúla úd chun a laethanta a chríochnú ag maireachtáil ar stampaí bia. Fir dhearmadta a bhí iontu, fir a bhí tréigthe d'ainneoin *chrógacht* a n-oibre. Agus an bhfuil a fhios agaibh, a fheara? — i stair fhada uasal ár gcine, tharla sé ó thráth go chéile.

Bhuel, is féidir liom a rá libh anocht go mbeidh athruithe móra ann roimh i bhfad. *Tá cath an diamaint ag teacht.*

(tagann sé anuas ón ardán. Breathnaíonn sé go sona sásta leis féin.)

Fear 3: Fan bomaite. Bhí tú ag caint faoi na cogaí a raibh ár n-aithreacha páirteach iontu. Bhuel, fágadh mo sheanathair-se féin ar thránna na Normainne. Chuir sé cruá air féin cosúil leis na mílte eile le saoirse a dheimhniú dá ghasraí. Agus bhí sé ag troid in aghaidh na mbratach mallaithe úd. *(síneann sé a mhéar ina dtreo)* Tá iontas orm go dtig le fear ar bith a thugann tírghráthóir Meiriceánach air féin an bhratach sin a chrochadh os cionn fhód coisricthe na Stát Aontaithe.

Todd: *(ag gáire ó thaobh na hamharclainne de)* Bhuel, caithfidh mé a admháil go bhfuil cosúlacht éadrom ann, ach go háirithe mura bhfuil tú oilte i rudaí mar sin.

Fir Eile: *(ag gáire)*

Todd: Féach, tá ceithre ghéag ag an svaistíce. Níl ach trí ghéag ag an fhiúir seo. Is é an rud atá againn anseo ná na seachtanna bíobalta. Beidh a fhios acu siúd atá eolach faoin Dea-Leabhar go bhfuil na seachtanna seo le tabhairt faoi deara aríst agus aríst eile — sa tiomna nua chomh maith leis an sean-tiomna. Tá mé cinnte gur chuala sibh trácht faoi na seacht séala, na seacht n-uain, na seacht réalta agus araile.

Fir Uilig: *(ag an am céanna)* Cinnte. Is ea, chuala. Go nádúrtha.

Todd: Is Críostaí coimeádach mé, agus níl mórán measa agam ar leithéidí Adolf Hitler, cé go ndearna sé rudaí éifeachtacha sa gheilleagar agus mar sin de (*ag miongháire*).

Fear 1: Bhí an smaoineamh ceart aige leis na Giúdaigh!

Fear 2: (*go híseal*) Cé nár tharla sé sin.

Todd: (*nár chuala Fear 2*) Bhuel, ní maith liom rudaí mar sin a rá ... ach sin é go díreach! Tá fir rua ag gach náisiún geal. Cén fáth, ansin, nach bhfuil fir rua ag na Giúdaigh? Tá an freagra simplí go leor. Dhíbir siad na fir rua óna measc, agus cad é atá ionann anseo ach rian scaipthe den tuath sin, Tuath Dan? *Ní féidir* náisiún geal a thabhairt ar na Giúdaigh anois. Nár rith sé libh cén fáth ar chuir siad ár dTiarna chun báis? *Mar ab fhear rua é*. Mar tháinig an ghéin sin chun tosaigh i bpearsa ár dTiarna i ndiaidh na mblianta fada. Cén fáth a bhfuil sé de dhualgas orainn ár dtír a chosaint? Mar tá sé de dhualgas orainn an fhuil choisricthe sin a choinneáil glan seachas í a mheascadh le chéile leis an fhuil shalach dhorcha úd.

Agus is fuath leo sinn. Go nádúrtha. Is fuath leo sinn. Nár thug sibh faoi deara gur fir rua iad na carachtair is measa i bhfinscéalta tíortha áirithe — na gadaithe agus na tíoránaigh, na leasdeartháireacha éadmhara, na fir mhagaidh mhíchumtha? Nár fhiafraigh sibh díbh féin cén fáth a ndeirtear gur daoine feargacha ceandána iad na daoine rua? Is fuath leo sinn, mar tá muid níos fearr ná iad. Cad é a dhéanann Giúdach ach saibhreas an tsaoil a cheannach agus a dhíol, saibhreas nach raibh baint ar bith aige lena tháirgeadh? Níor mhothaigh sé salachar ar a lámha riamh. Seachnaíonn sé gach saghas oibre fisicí. Ní oibrí macánta cosúil libhse é ach diúgaire.

Fear 1: Agus tá siad i ngach áit.

Fear 2: Bíonn na poist is fearr acu i gcónaí — na dochtúirí, na dlíodóirí, na polaiteoirí. Sin an rud is measa, dar liom — tá siad sa Roinn Stáit fosta. Tá idirnáisiúntaigh gan náire againn mar ambasadóirí dár dtír.

- Todd:** Tá an ceart agaibh, a fheara. Sin an fáth a ndeirtear linn go gcaithfidh muid cur isteach in achan choimhlint neamhthábhachtach in achan *tin-pottír* ar dhroim na cruinne. Bhuel, is cuma liomsa má ionsáionn na *dog-do's* na *footsies* nó cibé ainm atá orthu.
- Fear 1:** Coinníonn sé an daonra íseal. Bhí an ceart ag Malthus. Ní féidir leis an domhan iad a chothú.
- Fear 2:** Tá sé níos fearr don timpeallacht, agus, leis an fhírinne a rá, ní bhíonn saol maith acu ar aon nós, fiú in aois síochána.
- Fear 1:** Shílfeá nár chuala siad trácht ar bith ar fhrithghiniúint. Tá sé ró-dhoiligh dóibh lena mboid mhóra ghorma.
- Todd:** *(cuireann caint an fhir eile isteach air)*
- Fear 2:** Agus níl siad in ann snámh i gceart ach oiread. Tá a gcnámha ró-throm. Sin an fáth nach mbaineann siad rud ar bith ar son snámha ag na Cluichí Oilimpeacha ... cé go mbíonn siad ceart go leor ag rith.
- Fear 1:** Is ea, tá siad ceart go leor air sin. Tá siad láidir go leor. B'fhéidir gur cheart dúinn iad a cheadú mar oibrithe uiríse ansin.
- Todd:** *(an-fhearg air)* Cad é a dúirt tú? Nach bhfuil a fhios agat go bhfuil siad ina n-oibrithe cheana féin. Sin an fáth nár oibrigh tusa le dhá bhliain anuas. Ba cheart dúinn rud amháin a bheith ar eolas againn. *Ní féidir linn* maireachtáil in aice leis na daoine sin. Ní féidir, agus ní dhéanfaidh!
- Fear 3:** Gabh mo leithscéal. Nár 'úirt tú gurbh fhear rua é ár dTiarna? Bheinn buíoch díot é sin a mhíniú domh. Cén áit a bhfuil sé le léamh sa Bhíobla, *sí?*
- Todd:** Tá áthas orm gur chuir tú an cheist sin. An bhfuil a fhios agat? — dhíbir siad muid. Scríobhadh as stair na nGiúdach muid, ach

tá cúpla leid le haimsiú sa Dea-Leabhar fós. Nach ndeirtear sa Bhíobla go raibh cosa práis ag an Tiarna? Cén fáth, an síleann tú?

Fear 3: Mar bhí sé cineál dubh, cosúil leis na mílte daoine eile as na tíortha Meánmhuirí.

Todd: *(ag gáire)* Och, tá tú an-soineanta. Bhí siad *ag iarraidh* go smaoineofá é sin. An síleann tú i ndáiríre go gcuirfidis chun báis é dá mba dhuine dubh é cosúil leis na Giúdaigh eile? *B'fhear rua é.* Bhí cosa práis aige mar gheall ar an fhionnadh rua ar a chosa. Cén fáth a raibh buaic na sibhialtacht lonnaithe sa deisceart ag an am sin? Cén fáth a bhfuil sí lonnaithe i Meiriceá anois? Dhíbir siad na fir rua, agus leathnaigh muid amach sa tuaisceart agus san iarthar. Sin an fáth nach n-éiríonn leis na hArabaigh faic a dhéanamh lena ngeilleagair sa lá atá inniu ann, ach amháin má tá dó-ola acu.

Fear 3: *(sceptiúil)* Tuigim.

Fear 1: Is fuath liom na hArabaigh. Tá siad chomh hungthach! Tá siad cosúil le striapacha. Agus cuireann siad drochbhail ar a mná.

Fear 2: Mná Meiriceánacha d'fhir Mheiriceánacha!

Todd: Is minic a chonaic mé bean uasal Mheiriceánach ag dul in éineacht le Latino salach inteacht a bhí gléasta mar *pimp*. Caithfidh muid bantracht ár dtíre a chosaint ón chontúirt seo.

Fear 1: Sin é.

Todd: Is é an rud atá uainn ná macántacht, uaisleacht agus glaine — na trí ghéag atá le feiceáil ar an fhiigiúr seo. A fheara, tagaigí chugam. Cuirigí bhur lámha ar mo lámh-se.

Fir Rua: *(déanann siad é, ach amháin an tríú fear)*

Todd: Abraigí na focail seo i mo dhiaidh: “Muidne fir rua an domhain.”

- Fir Rua:** Muidne fir rua an domhain.
- Todd:** “A Íosa Chríost a fuair bás ag lámha na nGiúdach ...”
- Fir Rua:** A Íosa Chríost a fuair bás ag lámha na nGiúdach ...
- Todd:** “Leanfaimid bhur sampla naofa.”
- Fir Rua:** Leanfaimid bhur sampla naofa.
- Todd:** “Fuasclóimid an saol ón dorchadas.”
- Fir Rua:** Fuasclóimid an saol ón dorchadas.
- Todd:** “Go dtéimis i gcré.”
- Fir Rua:** Go dtéimis i gcré.

Fianaise

Finné 3: Bhuail mé leis oíche amháin os comhair an tí tábhairne. B’óltóir iomráiteach é. Ní mar sin a bhí sé sular chaill sé an post a bhí aige sa mhonarcha, ach bhí síolta an droch-iompair le feiceáil cheana féin, nuair a smaoiním anois air. Ar aon nós, ba dhuine garbh drochbhéasach é ina dhiaidh sin. Rinne mé iarracht é a sheachaint. Níl mé cinnte an raibh sé faic ní b’fhearr nuair nach raibh sé ar meisce. Ach b’annamh stuama é, ar scor ar bith.

Bhí an pholaitíocht ghránna sin aige, agus ní gránnacht amháin a bhí inti, ach smaointe aisteacha, coincheapa leath-bhácáilte a chum sé dó féin. Chuir sé préitséir craiceáilte inteacht as na stáit dheisceartacha i gcuimhne domh. Bhí leagan a shúl mar an gcéanna.

Dála an scéil, nuair a casadh muid ar a chéile an oíche úd, bhí sé go díreach i ndiaidh an beár a fhágáil. Mí na Samhna a bhí ann, agus an sneachta ag teacht anuas mar thaiséadach siochta.

Agus bhí sé geal. I soilse na siopaí bhí sé chomh geal le lá. Bhí mé ar crith leis an fhuacht. Níor mhothaigh seisean ar chor ar bith é, de réir dealraimh.

“Cad é mar atá tú?” a deir sé liom.

D’fhreagair mé go raibh mé ceart go leor.

“An bhfuil tú ag obair mar dhlíodóir fós?”

Bhí a fhios aige go raibh mé ag obair mar dhlíodóir le fiche bliain anuas. Ní dhearna mé jab ar bith seachas é sin lá de mo laethanta.

“Shíl mise go mbeifeá ar an tsráid anois, cosúil le gach fear geal eile. Nach bhfuil plean socraithe acu mionlach bocht inteacht a chur i d’áit?”

Ní raibh, agus dhearbhaigh mé é sin chomh dea-bhéasach agus ab fhéidir liom.

“Is ait an mac an saol,” a deir sé. “Níor cheart duit cúl do chinn a thabhairt leo, fiú ar feadh bomaite, nó tabharfaidh siad do phost do bhean nó *kikenó kikená*.”

Rinne mé iarracht gáire, agus d’imigh sé sa *pick-up* a bhí aige, agus an sneachta ag baint cleatrála as na slabhraí ar na rothaí. Thiomáin sé go críochnúil, go díreach mar a bheadh sé stuama. Ba Ghiúdach í mo mháthair.

(na focail “idir beirt ghadaíthe” a gcaitheamh ar an bhrat)

Láthair 4 — Sraith an Bháis

Na cillíní céanna. Tá bairdéirí le feiceáil ar gach taobh den ardán an t-am seo.

Fortensky: *(ag scríobh litreach agus á léamh os ard)* Is é an rud is measa anseo ná an boladh. Meascán d’achan rud gránna atá ann — fuil, allas, leithris, síol caite, bia dearmadta, ábhar tuartha saor. Ach is é an boladh is measa an eagla, agus tá an ceann sin do-ghlanta.

Todd: *(fearg air)* Tá sé a cúig a chlog ar maidin, a Fortensky. Bí i do thost, nó déanfaidh mé poll idir ár gcillíní, agus maróidh mé thú. Níor mhiste liom seafóid eile ar mo chuntas.

Fortensky: Tá sé a cúig a chlog tráthnóna, a Todd.

Todd: *(fonn codlata air fós)* Cad é?

Fortensky: Tá sé a cúig a chlog tráthnóna, a Todd, ach níl a fhios agat mar nach ndéanann tú rud ar bith seachas codladh sa lá atá inniu ann.

Todd: Nach bhfuil cead agam é sin a dhéanamh má thaitníonn sé liom?

Fortensky: Tá cead agat, ar ndóigh. *(go hiorónta)* Ní cheapann tú go sáróidís do chearta daonna anseo?

Todd: Ní smaoiním mórán faoi chearta daonna. Smaoiním faoin dinnéar a bheas agam. Cúig a chlog tráthnóna, a dúirt tú?

Fortensky: Sin ceart.

Todd: Maith go leor. Beidh sé againn i gceann uaire, mar sin. An bhfuil a fhios agat, a Fortensky? — rith sé liom go bhfuil saol an phríosúin cosúil le turas scoile. Ní dhéanann tú a dhath seachas a bheith i do shuí sa bhus, agus dá bhrí sin bíonn ocras ort. Sa ghnáthshaol, ní thugann tú faoi deara gur mhaith leat greim a ithe mar nach mbíonn rudaí chomh leadránach sin go hiondúil. Tá difríochtaí ann fosta, caithfidh mé a admháil. Agus do cheann scríbe bainte amach agat ar thuras scoile, téann tú chuig an dioscó, téann tú ar meisce, agus má tá an t-ádh ort, pógann tú *cheerleader*. Anseo, os a choinne sin, cuirtear chun báis thú.

Fortensky: Tá an ceart agat ansin. Tá an difríocht sin réasúnta tábhachtach.

Todd: Ar mhaith leat cluiche fichille?

Fortensky: Níor mhaith. Tá mé ag scríobh litreach chuig bean shofaisticiúil i Sasana.

- Todd:** Nach ortsa atá an t-ádh. Is féidir leat do theanga a shá trí bharna sa scáthlán ar lá na cuairte. Beidh tú i bparthas i gcaochadh na súl.
- Fortensky:** I bPáras? Ní Francach í. Is Sasanach í. Agus ní féidir léi mé a shaoradh. Níl suim ar bith aici sa pholaitíocht. Is Críostaí í.
- Todd:** *(nár thuig botún an fhir eile)*Tá tú ag dul in olcas. Agus ní maith liom na heachtrannaigh sin ar aon nós.
- Fortensky:** An gcluín tú aréir iad? Bhí siad ag cantaireacht aríst: “Beithíoch! Beithíoch! Beithíoch!”
- Todd:** Coireach gnéis a bhí ann. Bhí siad ag iarraidh fíorchaoín fáilte a fhearadh roimhe.
- Fortensky:** Ó, tá a fhios agam. Ach caithfidh mé a rá go raibh eagla *ormsa* rompu, agus níor éignigh mise bean lá de mo laethanta.
- Todd:** Tá sé Freudach ansin. Smaoinigh tú air cúpla uair.
- Fortensky:** Tá tú déistineach, Loudermilk.
- Todd:** *(ag gáire)*Ní raibh mé ach ag magadh fút. Déan dearmad de.
- Fortensky:** Maith go—
- Todd:** Ní ligfidh mise duit dearmad a dhéanamh de, ar ndóigh, ach is féidir leatsa triail a bhaint as!
- Fortensky:** Ní maith liom é, ar aon nós.
- Todd:** Nár rith sé leat riamh go bhfuil sé cineál íorónta gur fuath leo daoine mar sin? Cad é a dhéanann siad anseo ach a gcomhshínithe a éigniú agus a mharú? *(gáireann sé go searbh)*
- Fortensky:** Tá do chroí fuar. Is trua liom iad, is cuma cad é atá déanta acu.

- Todd:** Silim gur cheart dúinn an domhan a ghlanadh suas.
- Fortensky:** An bhfuil a fhios agat, a Todd? — nuair a mharóidh siad thú, gheobhaidh tú bás ar son an fhuatha. Tá tú sioctha fós d’ainneoin na mblianta atá caite agat anseo, sioctha mar bhloc oighir a tharraing siad ó chríocha tuaisceartacha an domhain le croí an náisiúin a choinneáil chomh préachta agus is féidir leo. Teastaíonn tú uathu leis na deochanna a choinneáil fuaraithe ar na *fundraisers*. Teastaíonn tú uathu go mbeidh leithscéal acu na céadta fear eile a chur chun báis. Teastaíonn tú uathu leis an dallamullóg a chur ar an phobal, le cuidiú leis an ghnáthdhuine dearmad a dhéanamh dá shaol truamhéalach féin. Tá eagla ar an phobal romhat, agus tá mé beagnach den tuairim go dtaitníonn sé leat.
Bhuel, chan mar sin atá mise. Ní féidir an dubh a chur ina gheal ormsa.
- Todd:** Níor ‘úirt tú liom riamh cén fáth a bhfuil tú anseo. Tá mise bródúil as a ndearna mé, ach fanann tusa i do thost. Ní labhraíonn tú faoi do chás.
- Fortensky:** A dhiabhail, níl bród ar bith ormsa. Ach rinne mé ar son an ghrá é. Is féidir liom é sin a mhaíomh ar a laghad.
(stad) Mharaigh mé duine, a Todd. Seacht mbliana déag ó shin a tharla sé, agus ní théann oíche thart nach bhfeicim a ghnúis i mo bhrianglóidí.
- Todd:** Rinne mise na rudaí a chiontaigh mé ar son mo thuairimí. Ní féidir leatsa é sin a rá. Ghoid tú airgead ó do chomhlacht, agus nuair a rinne na póilíní iarracht thú a ghabháil, mharaigh tú duine acu. D’aimsigh siad thú nuair a bhí tú i bhfolach i dteach inteacht sna bruachbhailte. Bhí gunna agat, agus bhí an seans agat lámh a chur i do bhás féin, ach ní dhearna tú é. Ba chladhaire thú.
- Fortensky:** Cad é mar a fuair tú fios mo scéil?

- Todd:** Tá a fhios ag gach duine. An síleann tú gur chaith mé ceithre bliana anseo gan cúpla ráfla a chluinstin?
- Fortensky:** Ní dhearna tusa ach oiread é.
- Todd:** Cad é?
- Fortensky:** Bhí an seans agatsa fosta. Cén fáth nár chuir tú urchar isteach i do chloigeann álainn rua sular gabhadh thú?
- Todd:** Fágfaidh mé faoi na húdaráis é. B'shin an cuspóir a bhí agam. Baineann sé leis an pholaitíocht.
- Fortensky:** Bhásaigh tú fear neamhchiontach nach ndearna a dhath ort riamh le do bhás féin a chinntiú. *Síncladhartha.*
- Todd:** Is cuma liom. Is cuma liom do thuairimí. Coinnigh leat féin iad, nó ...
- Fortensky:** *(ag gáire)* Nó maróidh tú mé? Bheadh sé sin cineál doiligh faoi láthair ... agus cineál iomarcach fosta.
- Bairdeir:** *(ag siúl ó chillín go cillín le breathnú isteach. Scríobhann sé rud inteacht i gcomhad)* Níl uimhir 1765 crochta aige féin ... Níl uimhir 2053 crochta aige féin *(imíonn sé).*
- Todd:** *Hey,* a Fortensky. Ná bímis ag troid mar seo. Is maith liom thú. Is maith liom i ndáiríre thú. Níl a fhios agam cén fáth a bhfuil siad ag iarraidh thú a bhású. Rinne tú botún, b'shin an méid. Tá thart ar fiche bliain caite agat anseo. An bhfuil a fhios agat? — san Eoraip, bheidís ar tí thú a ligint amach ag an pointe seo. Nach bhfuil féidearthacht eile ann pardún a fháil? Nach dtig leat scríobh chuig an Rialtóir?
- Fortensky:** *(ag gáire)* A Todd, a bhuachaill, ní féidir póilín a mharú sa stát seo gan an fiach a ghlanadh ... *Die Strafe folgt nach, wenn auch so spät.*

- Todd:** Cad é a chiallaíonn sé sin?
- Fortensky:** Is cuma. Dúirt scríbhneoir Gearmánach é sin na céadta bliain ó shin.
- Todd:** *(go cúramach)* Ar shocraigh siad dáta fós?
- Fortensky:** *(a ghuth creathach)* Shocraigh.
- Todd:** Bhuel, cén t-am a bheas sé?
- Fortensky:** *(go mall)* Seachtain i do dhiaidh, ar an chéad lá is fiche, go ndéana Dia trócaire ar ár n-anamacha ... ach is cuma faoi sin. Níl mórán ama fágtha againn le chéile, agus ba mhaith liom mo scéal a insint duit.
- Todd:** Tá a fhios agam cheana féin. Mharaigh tú póilín.
- Fortensky:** Ach níor inis mé duit cén fáth.
- Todd:** Ghoid tú airgead, agus bhí sé ar do thóir.
- Fortensky:** Ghoid mé an t-airgead mar bhí mé i ngrá le bean. Bhí mé i ngrá le bean, agus bhí rún agam éalú ó mo shaol tuirseach aon-dathach ina teannta. Casey an t-ainm a bhí uirthi. Bhí sí chomh hálainn le réalta scannáin. Cailín bídeach dathúil a bhí inti, agus spéaclaí *Beatnik* sean-aimseartha á gcaitheamh aici a bhí ró-mhór di. "Mo ghrá ar chéad-fhéachaint í". Tháinig sí a dh'obair san oifig nuair a bhí mé ar tí idirscaradh a fháil ó Violet.
- Todd:** Ní raibh a fhios agam go raibh fadhbanna agat le Violet. Tugann sí cuairteanna ort fós.
- Fortensky:** Bhuel, sin Violet duit. Tá sé de dhualgas uirthi é sin a dhéanamh, nó tuigtear di go bhfuil sé mar sin. Tá mé buíoch di fosta. Níor 'úirt mé nach raibh mé buíoch.
- Todd:** Agus an bhfuil aithreachas ort anois?

Fortensky: Mar gheall ar Violet? Níl, a mhic. Tá ár gcaidreamh níos fearr anois ná riamh, ach níl cónaí orainn le chéile, agus sin deireadh an scéil. Bhí saol millteanach againn. Bhí muid mí-shásta. Tá aithreachas orm faoin phóilín, mar is eol duit, ach is cuma liom faoin airgead a ghoid mé. An bhfuil a fhios agat? — fiú mura maróinn an cop, gheobhainn fiche bliain. Faigheann siad díoltas. Déanann siad cinnte de. Ní shílim go mb'fhéidir le duine cosúil liomsa maireachtáil ní b'fhaide ná bliain go leith i ngnáth-phríosún. Tá mé ró-bhog. Is *pen-pusher* mé. Níl mo chosaint féin ionam. Níl suim agam i bhforéigean. Tá mé ró-shibhialta (*piocann sé a shrón go spadánta*). Ó, tá muid scartha ó na cimití eile anseo, ach is ar mhaithe linn féin a dhéantar é. (*stad*) Níl aithreachas orm. Cad é mar ba cheart domh rudaí a mhíniú duit? (*machnaíonn sé*) Cogar, an bhfuil suim ar bith agat san fhilíocht?

Todd: (*sceiptiúil*) Níl, leis an fhírinne a dhéanamh.

Fortensky: Bhuel, ar mhiste leat dá léifinn dán amach?

Todd: Ar scríobh tú féin é?

Fortensky: Scríobh.

Todd: (*ag gáire*) Níl aon dul as agam ... déan do dhícheall.

Fortensky: Fiche bliain a chaith mé san fhásach,
Mo bheola mar phrúnaí,
Mo ghnúis mar leathar,
Gach géag ina maide tirim.

Gur tháinig an mhaidin
Nuair a fuair tú i do líon mé
Mar iasc spleodrach airgid
As fairsinge na farraige.

Agus chuir mé an cheist orm

Cad ina thaobh nár tháinig — nach bhfaca mé —
Muir na ndeor agus mise i mo stócach:
Uisce faoi thalamh.

Todd: *(i ndiaidh stad bhig)* Chonaic mé i mbun oibre thú. Shíl mise gur ag scríobh d'uachta a bhí tú.

Fortensky: Cad é an chiall a bheadh leis sin a dhéanamh? Tá gach rud ag titim le mo shean-chomhlacht.

Todd: *(iontas air)* Cad chuige?

Fortensky: Ní chreideann tú i ndáiríre gur thug mé an t-airgead ar ais? Do na cait raimhre úd? Gheobhaidh Casey é. Níl baint ar bith agam léi ó d'fhág sí an príosún. Ó, bhí sé deacair go leor éirí as ár gcomhfhreagras, ach rinne muid ar son a chéile é. Níl amhras dá laghad ag na húdaráis uirthi. Tá sí pósta le teaghlach óg i Philadelphia anois.

Todd: Nach bhfuil fearg ort faoi sin?

Fortensky: Go bhfuil leanaí aici, go bhfuil saol dá cuid féin aici, go bhfuil grá aici? Cad chuige? Tá a fhios agam go mbeadh sí le mo thaobh dá mbeadh sí ábalta.

Todd: Nach bhfuil aon amhras ort faoi?

Fortensky: Amhras ar bith. *Why*, dá ligtí saor amárach mé, d'fhágfadh sí i gcaochadh na súl é.

Todd: Bhuel, ní ghlacfainnse leis sin, ar aon nós.

Fortensky: Sin an fáth a raibh mé ag iarraidh labhairt leat.

Todd: Ní thuigim.

Fortensky: Tá a fhios agam nach dtagann do bhean níos mó.

- Todd:** Nach cuma duitse mura dtagann sí?
- Fortensky:** Dhíbir tú le d'fhuath í, ach tá sí i ngrá leat fós; tá mé cinnte de. A Todd, caithfidh tú tuigbheáil nach bhfuil mórán ama fágtha agat anois. Tá tú le scaradh ón saol seo gan do ghnóthaí a chur in eagar, agus níl sé sin ceart.
- Todd:** *(feargach)* Agus cad é a mholann tusa ansin? Cad é a dhéanfá féin, tusa ar éirigh leat chomh galánta sin i do shaol féin?
- Fortensky:** Bhuel, tá a fhios agam go bhfuil sí bréan den pholaitíocht mhídhanna 's agatsa. Dá mbeinnse i d'áit, déarfainn léi go dtabharfainn cúl láimhe di. Déarfainn léi go mbeadh aithreachas orm.
- Todd:** Ní thiocfadh liom é sin a rá. Ní bheadh sé fíor.
- Fortensky:** Is cuma más fíor é. Nach bhfuil do sháith fulaingthe agat?
- Todd:** D'fhulaing mé ar son mo thuairimí.
- Fortensky:** *(ag gáire)* Seachas do ghníomhartha? A mhic, nuair a chuirtear fear gorm chun báis sa tír seo, fulaingíonn seisean ar son do thuairimí. Tá tusa anseo mar mharaigh tú duine. Is cuma faoin pholaitíocht. Déan dearmad di go ceann bomaite. Nach mian leat í a fheiceáil arís? Is féidir leat do scríbhinní a fhágáil liomsa. Beidh a fhios ag achan duine ansin nach ndearna tú athchomhairle sular maraíodh thú. Beidh sé le feiceáil go soiléir.
- Todd:** Shílfi go mbeinn á dhéanamh le pardún a fháil. Shílfi gur chladhaire mé, ach ní cladhaire mé. Caithfidh siad mé a bhású. A ndúshlán é a dhéanamh!
- Fortensky:** *(i ndiaidh stad bhig)* Maith go leor, a mhic, ach ná déan dearmad. Tá an rogha agat fós.

- Todd:** An bhfuil a fhios agat? — bhí mé ag smaoineamh. Cuireadh an boc sin Smebak chun báis an tseachtain seo caite, agus tá dáta faighte agatsa seachtain i mo dhiaidh. Gheobhaidh mé bás idir beirt ghadaithe, cosúil lenár dTiarna.
- Fortensky:** *(leamhas aige ar a ndúirt an fear eile, ach i gcogar, mar gheall ar an bhairdéir)* In ainm Dé, a Todd, tá do sháith ráite agat.
- Bairdéir:** *(ag teacht ar ais)* Níl uimhir 1765 crochta aige féin ... níl uimhir 2053 crochta aige féin. Nach leadránach an saol atá agam *(imíonn sé)*.

Fianaise

- Finné 4:** Bhí mé ag teacht amach as an *seven-eleven* i lár Ghlascó an lá úd nuair a d'ionsaigh siad an carr armúrtha. Scaoil siad nuair a tháinig an chéad fhear amach as an fheithicil. Fuair sé bás ar an phointe.
- Ní raibh an fear eile in ann éalú. Bhí sreang dheilgneach tarraingthe thar an tsráid acu. Dhírigh siad ar an inneall ar dtús ar eagla na heagla. Bhí siad ag scaoileadh ar an charr ar feadh ceathrú huaire. Bhí trua agam don fhear a bhí fágtha istigh. Bhí a fhios aige go bhfaigheadh sé bás, ach bhí na plátaí sna doirse sách láidir lena chosaint ar feadh cúpla bomaite.
- Bhí mise ar crith le heagla ar chúl an mheaisín *gumball*. Dúirt mé mo phaidreacha. Bhí mé cinnte nach bhfeicfinn an lá dár gcionn. Is ar éigean a bhí mé ábalta a bhfeiceáil ó mo chró foláigh, ach nuair a rith sé liom nach raibh suim ar bith acu i rud ar bith seachas an carr agus nach mbeadh sé praiticiúil dóibh gach aon fhinné a mharú, chuir mé mo cheann amach cúpla orlach, agus chonaic mé iad. Bhí iontas an domhain orm nuair a thug mé faoi deara gurbh fhear rua achan duine acu. Shíl mé, caithfidh gur slua Mormannach nó *Hutterites* iad, teaghlach amháin, bhí siad chomh cosúil lena chéile. Bhí na héadaí sean-aimseartha céanna orthu.
- D'éirigh leo an doras a oscailt sa deireadh. Bhí an tiománaí beo fós. Thit sé amach ar lár. Thug siad neamhaird air, cé go raibh sé ag cur fola go trom. Bhí siad ró-ghnóthach leis na málaí

airgid. Ansin, agus gach rud luchtaithe isteach sna gluasteáin eile acu, nuair a bhí siad ar tí imeacht, shiúil an ceannaire trasna an bhóthair go raibh sé ina sheasamh in aice leis an fhear gortaithe. Chrom sé chun tosaigh, agus tharraing sé rud inteacht ó mhúineál an fhir sular mharaigh sé lena phiostal é. Chuala mé ina dhiaidh sin ó na meáin gur réaltóg Dháiví a bhí ann.

Lig fear de na hionsaitheoirí scread as. “Cad é atá tú a dhéanamh, a Todd?” a dúirt sé. Is cuimhin liom an t-ainm Todd go fíor-mhaith.

“Fadhb ar bith,” a dúirt an fear a scaoil. Tá a fhios agam ceart go leor cad é atá déanta agam. Tá mé chomh stuama le breitheamh.”

(i ndiaidh stad bhig) Cá mhéad daoine a bhí páirteach san ionsaí? Tá sé deacair a rá. Mar a dúirt mé, ní raibh mé in ann radharc ceart a fháil. *(smaoiníonn sí faoi go ceann bomaite)* Tuairim agus mórsheisear, déarfainn.

(na focail “cosa práis” á gcaitheamh ar an bhrat)

Láthair 5 — Lá an Bhásaithe

Seomra le tábla, cathaoireacha ar gach taobh de agus suíochán sa choirnéal. Nochtann bairdeir é féin ag an doras ó am go ham. Níl scáthlán ar bith idir cime agus cuairteoir anois. Is féidir le Todd siúl thart más mian leis, cé go bhfuil sé cineál deacair leis na slabhraí. Tá fuinneog bheag amháin le feiceáil ar chúl na n-aisteoirí.

Suzanne: Todd Loudermilk, mo ghrá geal. Breathnaíonn tú go maith, ar aon nós. Bhí eagla orm go mbeifeá ramhar anois, agus tusa i do chillín beag gan slí dhá chat chun rince ann.

Todd: Tá áthas orm go dtáinig tú. *(amharcann sé ar a iníon)* A Julia, a stóirín, tar chugam.

Julia: A Dhaidí *(ritheann sí chuige)*.

- Todd:** *(tosaíonn sé a ghol nuair a bheireann sé barróg uirthi. Critheann sé le neart a mhothúchán)* Mo chailín beag, mo chailín beag féin. Shíl mé go mbeadh eagla ort romham agus muidne scartha chomh fada sin. Bíonn sé mar sin sna scannáin.
- Julia:** A Dhaidí, ní ligfidh mé dóibh do sheoladh go dtí na Flaithis. Ní ligfidh, ní ligfidh.
- Todd:** Ná bíodh imní ort, a stóirín. Beidh gach rud ceart go leor. B'fhada liom uaim thú *(breathnaíonn sé suas, agus féiceann sé Suzanne)*. D'fhuirigh tú ró-fhada, a Suzanne.
- Suzanne:** Tá a fhios agam, a Todd, agus tá brón orm.
- Todd:** Cá bhfuil Kyle?
- Suzanne:** Tá sé sa bhaile le mo dheirfiúr. Tá deilgneach air, agus tá sé ró-óg le rudaí a thuigbheáil anseo.
- Todd:** Ní raibh tú in ann mo mhac a thabhairt ar cuairt chugam agus mise i gcillín an bháis!
- Suzanne:** Tá a fhios agam. Tá a fhios agam. Tá an locht ormsa mar is gnáth. Níl tú ag déanamh rudaí níos fusa domh, a Todd.
- Todd:** Scríobh Fortensky chugat, nár scríobh? Sin an fáth a bhfuil tú tagtha.
- Suzanne:** Scríobh. Cad é mar a bhí a fhios agat? Dúirt sé liom nár inis sé a dhath duit.
- Todd:** Thomhais mé.
- Suzanne:** Bhí tú ró-bhródúil a thuilleadh a scríobh nuair a dúirt mé leat go raibh mé bréan ded' pholaitíocht.
- Todd:** Tá a fhios agam.

Suzanne: Tá dea-scéal agam faoin seanfhear. Tá sé le dul os comhair na cúirte aríst amárach. Fuair an dlíodóir 's aige rud inteacht tábhachtach amach, píosa cruthúnais nár thug siad aird air ag an am. Dealraíonn sé gurbh é fear de na póilíní a mharaigh a chomhghleacaí de thaisme. Rinne siad scrúdú ar na piléir fiche bliain ó shin, ach coinníodh an fhírinne ar chúl ar feadh na mblianta fada. Beidh scannal ann faoi. Seans go ndéanfaidh cúpla polaiteoir sa Reachtas Stáit iarracht pionós an bháis a chur ar ceal. Dála an scéil, tá a sháith ama caite ag Fortensky anseo don airgead a ghoid sé. Ligfear saor é.

Todd: Beidh na hathruithe ró-mhall domhsa.

Suzanne: *(ag gol)* Is ea, beidh *(ritheann sí chuige, agus beireann an triúr acu barróg ar a chéile)*.

Todd: Tá mé i ngrá leat fós, a Suzanne. *(ag gáire go searbh)* Nár 'úirt mé leat go mbeinn i ngrá leat go lá mo bháis?

Suzanne: *(ag smeacharnach)* Dúirt.

Todd: An cuimhin leat nuair a bhí muid pósta ar dtús? Thagainn abhaile gach tráthnóna, agus bhíodh píosa mairteola agam don fhleá fhlulachta. Bhí muid chomh sona sásta sin an samhradh úd. Shíl mé nach dtitfinn as grá leat riamh. B' thusa mo chara ab fhearr ar domhan, bláth na bantrachta.

Suzanne: *(ag gol)* A Todd, ná bí ag caint faoi rudaí mar sin. Beidh mé cailte. Caithfidh muid a bheith láidir ar son an pháiste.

Julia: Tá mise láidir.

Suzanne: Tá a fhios agam, a ghrá.

Todd: Ach ba bhreá leat an mhairteoil. Shíl mé nach mbeadh airgead ar bith agam, bhí an oiread sin caite agam uirthi.

Suzanne: B'fhuath liom an fheoil sin.

- Todd:** Cad é?
- Suzanne:** B'fhuath liom an fheoil. Bhí dúil mhór agat i bhfeoil agus lionn agus toitíní. B'éigean duit rud éigin a dhéanamh nuair nach raibh tú ag obair. B'éigean duit do chorp a chur faoi smacht. B'éigean duit tuirse a bheith ort mar nach raibh an saol inghlactha gan an smaoineamh a bheith agat go raibh do scíth tuillte agat.
B'fhuath liom an fheoil, a Todd. Ní ithinn ach sailéad ar feadh an lae agus tusa ar an obair. Ach ní thiocfadh liom smaoineamh ar aon rud eile ach an fheoil dhearg ghlioscarnach sin. Bhí sí chomh trom i mo bholg. In amanna, chuirinn amach i ndiaidh an bhéile í.
- Todd:** Cha dtug mise faoi deara é.
- Suzanne:** *Honey*, bhí tú ró-ólta.
- Todd:** Cén fáth a ndearna tú é?
- Suzanne:** Bhí mé óg. Shíl mé gur cheart domh a bheith i mo bhean mhaith duit. Nóisean sean-aimseartha ... ar do shonsa, a stór.
- Todd:** Níor cheart duit thú féin a chéasadh mar sin.
- Suzanne:** Ní dhéanaim níos mó é.
- Todd:** *(go mall, buartha)* Is ea, tá a fhios agam.
- Suzanne:** A Todd, an síleann tú go dtig leat rud a dhéanamh domh?
- Todd:** Déanfaidh mé achan rud daoibh. Abair an focal. Déanfaidh mé mo dhícheall daoibh i gcónaí, tá a fhios agat.
- Suzanne:** A Todd, tá ministir tagtha liom. Dúirt do mháthair liom é a thabhairt duit inniu. Tá a fhios agat chomh cráifeach léi. Bhí rún

aici féin teacht, ach ní raibh sí sách láidir. Tá na comharsana ag tabhairt aire di. A Todd, déan an rud beag seo ar ár son.

Todd: A Suzanne, ní féidir liom. Is polaiteoir mé. Tá leanúnaithe agam. Caithfidh mé an rud ceart a dhéanamh, an rud ceart i mo chroí.

Suzanne: An bhfuil do chroí chomh nimhneach le do pheaca?

Todd: Níl baint ar bith ag mo chuid peacaí le mo chruatan anseo.

Suzanne: An dtiocfadh leat caint leis, ar a laghad? Tá turas fada déanta aige.

Todd: *(tostann sé)*

Suzanne: A Todd, mura bhfuil tú in ann é a dhéanamh ar son do mhná, déan ar son do mháthar é.

Todd: *(go tobann)*Maith go leor. Lig isteach é.

Julia: A Dhaidí, an mbeidh tú ag caint leis an *pastor*?

Todd: Beidh, a stóirín.

Julia: An nglacfaidh sé mórán ama?

Todd: Ní ghlacfaidh.

Julia: Suífidh mé anseo, agus léifidh mé mo leabhar ansin. An maith leat é? Cheannaigh Mamó Loudermilk domh é — *The Wizard of Oz*. Ba bhreá liom a bheith mar Dorothy.

Todd: Tá tú mar Dorothy cheana féin, a stóirín.

Julia: *(áthas uirthi)*An síleann tú?

- Todd:** Tá mé cinnte de. *Why*, dá mbeidís ag déanamh leagain nua den sean-scannán sin, ní bheadh orthu dul ní b'fhaide ná Glascó le cailín fóirsteanach a fháil.
- Julia:** *(tiontaíonn sí thart)* A Mhamaí, tá mé cosúil le Dorothy!
- Suzanne:** Nach ortsa atá an t-ádh. 'Nois, suigh síos, agus léigh do leabhar mar chailín maith. Níl mórán ama fágtha againn — ní shin é ab áil liom a rá — is fear broidiúil é an ministir.
- Julia:** Maith go leor, a Mhamaí.
- Suzanne:** *(ag amharc ar an doras, a guth níos treise)* Reverend, tá muid réidh duit anois.
- Ministir:** *(ag teacht isteach ón doras)* Maith go leor, *ma'am*. *(ag amharc ar Todd)* Tá áthas orm gur thug tú seans domh caint leat, Mr. Loudermilk. Tá a fhios agam go bhfuil an t-am seo i gcomhluadar do theaghlaigh luachmhar agat (amharcann sé ar Julia agus ansin ar Todd aríst). Is fearr iníon ná seachtar mac.
- Todd:** *(ag déanamh iarrachta miongháire a dhéanamh mar fhreagra)* Go raibh maith agat as teacht, *Reverend*.
- Suzanne:** Suigh síos, *Reverend*, le do thoil.
- Ministir:** Go raibh maith agat, *ma'am* *(suíonn sé síos in aice le Todd)*.
- Suzanne:** *(suíonn sí síos leis na fir)*
- Ministir:** Ba mhaith liom rud a dhéanamh anois a dhéanaim in am na géarchéime sa bhaile. *(feiceann sé go bhfuil iontas orthu)* Ó, is dóigh le daoine áirithe go mbíonn ministrí difriúil ar fad, nach bhfuil fadhbanna coitianta an chine dhaonna againn, nach féidir fearg a theacht orainn, nach ndéanaimid rudaí a mbíonn aithreachas orainn fúthu níos deireanaí. Bhuel, ní mar a shiltear a bhítear. Tá muid cosúil le gach duine eile. Is peacaigh muid. Is peacaigh muid uilig, agus caithfidh muid Dia a ghuí go

ndiúltaímis dár gcuid peacaí. Ba mhaith liom guí anois. Guímis le chéile.

A Dhia atá ar Neamh, tá aithreachas orainn faoi na droch-rudaí atá déanta againn. Tá aithreachas orainn gur sheachain muid Do shlí naofa. Tá náire orainn gur scaip muid scéalta an fhuatha seachas Do dhea-scéal féin, dea-scéal an ghrá. A Dhia, maith dúinn ár bpeacaí. Tá náire orm gur dhúnmharaigh muid ár ndeartháir Sammy Cohen.

Todd: *(breathnaíonn sé suas, ach ní dheir sé a dhath)*

Ministir: *(nach dtugann faoi deara cad é atá Todd a dhéanamh)* Tá aithreachas orainn, agus tá muid ag iarraidh Ort an fiach sin a ghlanadh. Níl sé tuillte againn, ach tá a fhios againn nach bhfuil teorainn ar Do fhlaithiúlacht, nach bhfuil críoch ag Do chroí. Maith dúinn ár bpeacaí. Tá a fhios againn go bhfuil sé luaite sa Scríbhinn Dhiaga go mbeidh ár bpeacaí chomh geal le sneachta, is cuma cé chomh scarlóideach agus atá siad.

Todd: *(trína chéile nuair a chluineann sé an abairt dheireanach)*

Ministir: Lig dúinn siúlóid trí ghairdín na bhFlaitheas in aice lenár ndeartháir Samuel.

Todd: *(breathnaíonn sé ar an mhinistir le drochmheas)*

Ministir: Ní sagart mé, Mr. Loudermilk. Ní féidir liom do chuid peacaí a thógáil díot, ach is é toradh mo thaithí féin go bhfuil sé níos fearr rudaí a phlé le duine inteacht. Tógann sé an t-ualach ó chroí an duine ar a laghad. Is féidir linn é sin a dhéanamh anois. Ní gá duit eagla a bheith ort. Bhí tuismitheoirí cráifeacha agat. Tá aithne agat ar an Tiarna. Ní éigean domh A fhlaithiúlacht a mhíniú duit. Is cuma cad é a dhéanfaidh na húdaráis shaolta anseo, beidh fíorchaoin fáilte romhat sna Flaithis.

Todd: *(ní dheir sé a dhath)*

Suzanne: A Todd, tá an tUrramach ag caint leat.

Todd: *Reverend,* mharaigh mé fear. Thóg mé piostal as mo phóca, piostal a cheannaigh mé le mo theaghlach a chosaint, agus mharaigh mé é. Ní raibh aon ghá ann. Ní raibh sé do mo bhagairt. Ní raibh mé in aon chontúirt. Bhí sé ag cur fola ar an talamh. Rinne mé é mar bhain mé pléisiúr agus sult as.

Suzanne: *(gabhann crith í)*

Todd: Bhí an t-am agam smaoineamh ar rudaí le blianta beaga anuas. Uaireanta, smaoineofá nach mbeadh críoch ar bith ag na laethanta, bhídís chomh fada sin. San am céanna, tá a fhios agam go bhfuil mo shéasúr ar an domhan teoranta anois. Cuirfidh siad chun báis mé, mar bhithiúnach ar buile. Tá mé i Samhain mo laethanta. Anois, agus deireadh mo shaoil ag druidim liom, tá aithreachas orm, aithreachas faoi na rudaí a rinne mé i ngleann seo na ndeor agus aithreachas faoi rudaí eile nár smaoinigh mé riamh orthu.

Ministir: Tá a fhios agam, tuigim.

Todd: Thóg mé an piostal sin ar cheart domh mo theaghlach a chosaint leis, agus scaoil mé leis an fhear a bhí ina luí ar an talamh. D'fholmhaigh mé an philéarlann. Chuala mé ag an triail gur chuir mé naoi bpiléar isteach ina chloigeann. Tá aithreachas ollmhór orm ...

Ministir: Tá a fhios agam, Mr. Loudermilk.

Suzanne: *(beireann sí greim teann ar lámh a fhir, agus cuireann sí an lámh eile 's aicise ar chros an mhinistir)*

Todd: Tá aithreachas orm nár aimsigh mé ach le naoi bpiléar é! *(tosaíonn sé a ghol)* Tá aithreachas orm gur chuir mé an piléar deireanach sa tsráid seachas ina ghnúis mhallaithe Ghiúdach — an *fucking kike* ar cheart domh bás a fhail ar a shon!

Ministir: Dia dár sábháil!

- Suzanne:** In ainm Dé, a Todd, an bhfuil tú ag iarraidh do mháthair bhocht a mharú? Ar cheart di titim ar d'uaigh mar chomhartha a grá?
- Todd:** Má fhaigheann sí bás, ní mise a bheas ciontach as ach an crochadóir, agus an crochadóir amháin.
- Ministir:** *(go foirmiúil)* Tá brón orm gur chuir mé d'am amú, Mr. Loudermilk. Tchím anois nach raibh ciall ar bith leis. Lá maith agat, *ma'am*.
- Todd:** Nar 'úirt mé leat gurbh é le mo theaghlach a chosaint a cheannaigh mé é? Nár 'úirt mé leat, a striapach Ghiúdach!
- Ministir:** *(ag rith amach, eagla air roimh Todd)*
- Bairdeir:** *(ag teacht isteach mar gheall ar an challán)* A Uimhir 1765, is cuma liomsa má tá tú le crochadh amárach. Cuirfidh mé i gcillín i d'aonar thú má iompraíonn tú thú féin mar sin!
- Julia:** *(ag gol)* Ná déan é, *sir*. Fág mo dhaidí, más é do thoil é. *(tarraingíonn sí ar a chóta)* Beidh sé ceart go leor, sin gealltanais.
- Bairdeir:** Sin an rabhadh deireanach, a Loudermilk. Beidh mé ar ais faoi do choinne nuair a thiocfaidh an t-am.
- Suzanne:** *(i ndiaidh stad bhig)* B'shin an locht a bhí ort ó thús ár gcaidrimh. *(ag gáire go searbh)* Ní bhíonn tú in ann a admháil nach bhfuil an ceart agat. Bhuel, inseoidh mé cúpla rud duit anois. Ní raibh tú in ann airgead a shaothrú le do leanaí a chothú nó éadaí a cheannach dá ndromanna. Bhí orm dul a dh'obair sa mhonarcha léinte sa chéad bhaile eile mar bhí tusa ró-bhródúil iarraidh ar na h-úinéir nua do phost a thabhairt ar ais duit.
- Todd:** Cén fáth ar cheart domh an obair chéanna a dhéanamh ar son leath an airgid?

- Suzanne:** *(ag leanúint ar aghaidh)* Agus nuair a d'fhan tú sa bhaile, ní dhearna tú a dhath sa teach. Bhí orm an dinnéar a ullmhú i ndiaidh domh teacht ar ais ón obair.
- Todd:** Cé leis a raibh tú ag súil? Ar shíl tú go mbeinn ag bÁCáil *apple* *pie* daoibh?
- Suzanne:** Is ea, shíl mé. B'shin a ndéanfainnse duitse. Ach rinne tú faillí i do dhualgas dár dteaghlach. Anois, tá tú á dhéanamh sin ar do mháthair. An créatúr bocht a bhronn dúnmharfóir ar Cheansas!
- Bairdéir:** *(ag teacht isteach)*
- Suzanne:** Tá brón orm, *sí*. Ní raibh mé ag iarraidh scairteadh mar sin. Maith domh é. Más é do thoil é, lig inár n-aonar muid ar son na tréimhse gairide seo.
- Bairdéir:** Chan mar gheall air sin a tháinig mé.
- Suzanne:** Ach níl an t-am tagtha fós!
- Bairdéir:** Chan mar gheall air sin a tháinig mé ach oiread.
- Todd:** *(amharcann sé ar an bhairdéir go fiosrach)*
- Bairdéir:** Tharla timpiste inniu. Do chara Fortensky a bhí ann. Bhí sé foghraithe ag Oifig Rialtóir an Stáit go ligfí saor é an tseachtain seo chugainn. Chuir muid stop le faire an fhéinmharaithe, agus bhog muid chuig cillín eile é.
- Todd:** *(ritheann sé leis cad é atá déanta ag Fortensky)* A Dhia! Mharaigh sé é féin.
- Bairdéir:** Sin é. Chroch sé é féin lena éadaí leapa. Níl a fhios againn cén fáth. Ba mhaith liom fiafraí díot an bhfuil a fhios agat cén fáth a ndéanfadh sé rud éigin mar sin.

- Todd:** Níl. Tá mé dall ar fad ar an scéal.
- Bairdéis:** B'fhéidir nach mbeadh baint ar bith aige seo lena fhéinmharú, ach fuair sé litir ó Philadelphia inniu. Ní bhfaigheadh sé mórán litreacha — tá a thuismitheoirí marbh, ar ndóigh — agus bhí iontas orm.
- Todd:** Ní thig liom cuidiú libh. Tá brón orm.
- Bairdéis:** Caithfidh muid gach féinmharú a mhíniú. Tá an chontúirt ann go gcaillfidh ár gcomhlacht an conradh don phríosún seo.
- Todd:** *(fearg air)*Nár 'úirt mé leat go bhfuil mé dall ar fad?
- Bairdéis:** Ceart go leor *(ag imeach)*. Tá teaghlaigh againne fosta.
- Suzanne:** An créatúr bocht. Ní raibh seans agam bualadh leis le mo bhuíochas a ghabháil.
- Todd:** Má tá planda agat i gcoirnéal brothallach sa teach le hocht mbliana déag, ní féidir é a phlandáil amach san fhuacht mar sin. Tá an domhan fuar gan ghrá.
- Suzanne:** An-fhuar, a stór. An-fhuar ar fad.
- Todd:** Tá brón orm mura raibh mé i m'fhear maith duit, Suzanne.
- Suzanne:** Rinne tú do dhícheall, a stór ... Tar anseo.
- Todd:** *(tagann sé chuici, agus cuireann sé a cheann ina hucht)*
- Suzanne:** *(tosaíonn sí a chuimilt a chuid gruaige)*
- (is féidir guthanna a chluinstin áit inteacht eile sa phríosún. Tá siad ag rá "Beithíoch, beithíoch, beithíoch!")*
- Suzanne:** *(imní uirthi)*Cad é atá ar siúl, *honey?*

- Todd:** Smebak eile ag teacht isteach. Sin é. Ná bac leis, a ghrá ... Tabharfaidh na fir rua aire daoibh. Tá ceardaithe ina measc. Thig leo an teach a choinneáil in ord. Agus bhí bailiúchán acu ar bhur son cheana féin. Beidh Julia agus Kyle in ann dul ar an choláiste más maith leo. Níor cheart duit imní a bheith ort. Ní dheachaigh an ghrian síos orainn fós.
- Suzanne:** Chan roimh luí gréine atá eagla orm ach roimh éirí gréine. Beidh siad ag teacht faoi do choinne.
- Todd:** Tá a fhios agam. B'shin an rud a theastaigh uaim. An síleann tú go bpósfaidh tú aríst, a Suzanne.
- Suzanne:** Is ea, sílim go ndéanfaidh mé é sin.
- Todd:** Tá boc nua agat cheana féin, nach bhfuil?
- Suzanne:** Tá a fhios agat go mbeinn leat dá mbeadh sé sin indéanta.
- Todd:** Cén t-ainm atá air? *(tógann sé a cheann)*
- Suzanne:** Is cuma, a stór. Is cuma.
- Todd:** Cén t-ainm atá air?
- Suzanne:** *(i ndiaidh stad bhig)* Felipe *(amharcann sí síos ar an urlár).*
- Todd:** *(ag pléascadh)* A Dhia, níor shíl mé riamh go bhfeicfinn an lá nuair a bheadh mo bhean chéile in aontíos le ... le fear acusan!
- Suzanne:** Seafóid tusa! Mura mbeifeá i do dhúnmharfóir, bheimis le chéile fós. Bheadh athair ag ár bpáistí. Ní bheadh do mháthair san otharlann inniu.
- Todd:** Tá sí san otharlann?
- Suzanne:** Is ea, san otharlann, agus is ortsa atá an locht!

Todd: Chan ormsa atá an locht ach ortsá. Bhris tú a croí. Tá tú ag maireachtáil le *greaseball* éigin i Nua Eabhrac.

Suzanne: Agus an bhfuil a fhios agat cad chuige? — mar tá mé i ngrá leis. Agus rud eile: beidh a shloinne ar do pháistí. Ní théann lá thart nach ngabhaim mo bhuíochas le Dia nach ciníochaí mé cosúil leis an amadán fir atá agam.

Todd: *(ag gol)* A Dhia, an bhfuil mé tréigthe ar fad agat?

Suzanne: *(téann sí chuige, agus cuireann sí a lámh ar a ghualainn)* A Todd, a ghrá. Níl mórán ama fágtha againn. Suigh síos. Suigh síos.

Todd: A Julia, a stóirín. An síleann tú gur féidir leat sliocht a léamh as do leabhar domh.

Julia: Ach tá tú ró-aosta, a Dhaidí. Níl suim ar bith agat sa *Wizard of Oz*.

Todd: Ba mhaith liom ... ba mhaith liom do ghuth a chluinstin aríst.

Julia: *(breathnaíonn sí ar Suzanne, cuma chaidéiseach uirthi)*

Suzanne: Déan é, a stóirín. Déan ar son d'athar é.

Julia: Maith go leor, a Mhamáí. *(ag léamh)*

“Cé hí Aintín Em?” a d’fhiafraigh an tsean-bhean bheag.

“Is ise m’aintín a bhfuil cónaí uirthi i gCeansas, an áit as a dtáinig mé.”

Dhealraigh sé gur smaoinigh Bandraoi an Tuaiscirt ar feadh bomaite lena ceann íslithe agus a súile dírithe ar an talamh. Ansin, bhreathnaigh sí suas agus dúirt sí, “Níl a fhios agam cá bhfuil Ceansas, nó níor chuala mé trácht ar bith ar an tír sin. Ach inis domh, an tír shibhialta í?”

“Ó, is ea,” a d’fhreagair Dorothy.

“Sin an fáth, ansin. Sna tíortha sibhialta, is dóigh liom nach bhfuil bandraoithe ar bith fágtha; nó draoithe, nó cailleacha feasa, nó asarlaithe. Ach, an bhfuil a fhios agat? — ní raibh Tír Oz sibhialta riamh, nó tá muid scartha ón domhan mór. Sin an fáth a bhfuil bandraoithe agus draoithe againn fós.”

(Éiríonn an ghrian ar chúl na fuinneoige, agus cluintear céimeanna na mbairdeirí ag teacht. Titeann an brat.)